Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht lascaigh (Leasú), 1997 ('Acht 1997'). Fostaítear gach comhalta Boird ar bhonn páirtaimseartha.

FEIDHM

Feidhmíonn an Bord faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í feidhm an Bhoird ná údarás neamhspleách a sholáthar chun achomharc a chinneadh i gcoinne chinntí an Aire ábhartha ar iarratais ar cheadúnais do bharshaothraithe. Féadfaidh duine arb éagóir leis cinneadh ón Aire ar iarratas ar cheadúnas do bharshaothraithe, nó trí cheadúnas do bharshaothraithe a chúlghairm nó a leasú, achomharc a dhéanamh laistigh de mhí amháin ó fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó fógra (i gcás cúlghairme/leasaithe).

STÁDAS

Is comhlacht neamhspleách é an Bord a bhfuil a mhaoiniú féin curtha ar fáil dó ag an Oireachtas faoi Alt 36 d'Acht 1997.

COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Foráiltear le halt 23(2) d'Acht 1997 go gceapfaidh an Rialtas Cathaoirleach an Bhoird.

De réir Alt 23(3) d'Acht 1997, féadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara (“an tAire”) rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar dhá eagraíocht ar a laghad chun comhaltaí an Bhoird a ainmniú. Ba cheart go mbeadh na heagraíochtaí sin, i dtuairim an Aire, ionadaíoch ar na grúpaí seo a leanas:

- a) eagraíochtaí a bhfuil baint acu le forbairt an do Bharshaothraithe a chur chun cinn nó ionadaíoch ar dhaoine a dhéanann gnó an do Bharshaothraithe a fhorbairt.
- b) eagraíochtaí a bhaineann le caomhnú, forbairt agus cosaint iascaigh san fhiántas.
- c) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a mbaineann a ngairmeacha nó a slite beatha le pleanáil agus forbairt fhisiciúil.
- d) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a bhfuil baint acu le cosaint agus caomhnú an chomhshaoil agus taitneamhachtaí.
- e) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a bhfuil baint acu le forbairt eacnamaíoch ghinearálta a chur chun cinn agus
- f) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine a bhfuil baint acu le forbairt pobail a chur chun cinn.

COMHALTAS AN BHOIRD

Mar a fhoráiltear faoi Alt 23 d'Acht 1997, seo a leanas Cathaoirleach an Bhoird agus na Comhaltaí Boird.

Cheap an Rialtas an Cathaoirleach, Bean Uasal Imelda Reynolds arís, de réir Alt 23(2) d'Acht 1997, ar feadh dara téarma 5 bliana ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2024.

Ceapadh an tUasal Micheál Ó Cinnéide ar an mBord ar an 17 Iúil 2019 ar feadh tréimhse cúig bliana suas go dtí 16 Iúil 2024. Ceapadh ina Leaschathaoirleach é ina dhiaidh sin ar an 27 Feabhra 2023. Cheap an Bord Micheál mar Chathaoirleach gníomhach ar an 01 Bealtaine 2024 go dtí go gceapfaí Cathaoirleach nua.

Ceapadh an tUasal John Evans ar an mBord an 17 Iúil 2019 ar feadh tréimhse cúig bliana suas go dtí 16 Iúil 2024.

Athcheapadh an tUasal Michael Mulloy ar an mBord nuair a tháinig deireadh lena chéad téarma. Athcheapadh ar an mBord ar an 20 Meitheamh 2023 é ar feadh tréimhse cúig bliana suas go dtí an 19 Meitheamh 2028.

Athcheapadh an tUasal Bill Sweeney ar an mBord an 17 Iúil 2024 ar feadh tréimhse trí bliana suas go dtí 16 Iúil 2027.

Ceapadh Bean Uasal Maura Canning ar an mBord an 17 Samhain 2023 ar feadh tréimhse cúig bliana suas go dtí an 16 Samhain 2028.

Ceapadh Bean Uasal Cara Rawdon ar an mBord an 26 Eanáir 2024 ar feadh tréimhse cúig bliana suas go dtí 25 Eanáir 2029.

Ceapadh Bean Uasal Terry Prendergast chuig an mBord an 19 Nollaig 2024 ar feadh tréimhse trí bliana go dtí an 18 Nollaig 2027.

FREAGRACHTAÍ

Tá príomhfhreagrachtaí agus cumhachtaí an Bhoird sonraithe in Acht 1997, agus achoimre orthu mar seo a leanas:

Faoi Alt 40(4) d'Acht 1997, ar achomharc a fháil ón mBord agus ar choinníoll nach dtarraingítear siar é, is féidir leis an mBord an t-achomharc a chinneadh ar na bealaí seo:

- a) cinneadh nó gníomh an Aire a dhaingniú;
- b) an t-iarratas ar an gceadúnas a chinneadh amhail is dá mbeadh an t-iarratas déanta chuig an mBord ar an gcéad dul síos; nó
- c) maidir le ceadúnas a chúlghairm nó a leasú, a chinneadh féin ar an ábhar a chur in ionad chinneadh an Aire.

Faoi Ailt 43 agus 44 d'Acht 1997, ní mór don Bhord cóip den fhógra achomhairc a sheoladh chuig an Aire agus chuig gach páirtí eile san achomharc.

Faoi Alt 46 d'Acht 1997, is féidir leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a iarraidh ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a bhfuil aighneachtaí nó tuairimí curtha faoi bhráid an Bhoird acu cheana féin maidir le hachomharc, más rud é, i dtuairim an Bhoird agus sna himthosca, gur chun leasa an cheartais é sin a dhéanamh.

Faoi Alt 47 d'Acht 1997, is féidir leis an mBord doiciméid, sonraí, nó faisnéis eile a mheasann sé a bheith riachtanach a iarraidh chun a chumasú dó achomharc a chinneadh.

Faoi Alt 49 d'Acht 1997, tá lánrogha ag an mBord éisteacht ó bhéal achomhairc a thionól.

Faoi Alt 56 d'Acht 1997, ceanglaítear ar an mBord a chinntiú go ndéileáiltear le hachomhairc agus go gcinntear go pras iad agus go ndéantar gach beart chun moill neamhriachtanach a sheachaint.

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi Alt 35 d'Acht 1997, féadfaidh an Bord cibé sainchomhairleoirí nó comhairleoirí a fhostú a mheasann sé is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Íocann an Bord na táillí atá dlite do chomhairleoirí agus do shainchomhairleoirí as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. D'fhostaigh an Bord Comhairleoirí Teicniúla comhairleacha, agus leanfaidh sé de bheith á bhfostú nuair is gá. Fostaíonn an Bord comhairleoirí eile freisin de réir mar is gá chun tacú lena chuid oibre. Tá liosta de na daoine a d'fhostaigh an Bord le linn na bliana atá faoi athbhreithniú in Aguisín 1.

RÚNAÍOCHT


Faoi Alt 32 d'Acht 1997, gníomhóidh oifigeach don Aire ar státseirbhíseach bunaithe é agus atá ar iasacht don Bhord chun na críche sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar Rúnaí don Bhord. Ba í Margaret Carton Rúnaí lánaimseartha an Bhoird in 2024.

RANNÁN 2: GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN BHOIRD 2024

ACHOMHAIRC IDIR LÁMHA AN 31 NOLLAIG 2024

Tá suíomh an dá achomharc déag (12) a bhí idir lámha an 31 Nollaig 2024 le feiceáil sa léarscáil seo.

-  **Ilspeicis (ils)**
-  **Bradán (b)**
-  **Diúilicíní (d)**



Ag tús 2024, bhí ceithre achomharc is daichead (44) achomharc idir lámha ag an mBord. Tá achoimre sa tábla ar ghníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2024:

Achoimre ar Achomhairc	Líon na nAchomharc
Achomhairc idir lámha ar an 1 Eanáir 2024	44
Achomhairc Bhailí a fuarthas	1
Achomhairc arna gCinneadh in 2024	27
Achomhairc a Tarraingíodh Siar in 2024	6
Achomhairc idir lámha ar an 31 Nollaig 2024	12

Tá liosta tugtha sa tábla seo den dá achomharc déag (12) a bhí idir lámha, lena n-áirítear a stádas, ar an 31 Nollaig 2024.

Contae	Tagairt Achomhairc	Suíomh	Bliain Faighte	Tagairt Suímh	Stádas (31/12/24)
GAILLIMH (2)	AP2/1/2023	Cuan na Beirtrí Buí	2023	T09/093	Gníomhach
	AP2/2/2023	Cuan na Beirtrí Buí	2023	T09/093	Gníomhach
LOCH GARMAN (9)	AP34/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/30E	Gníomhach
	AP35/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/35A, B, C, F&G	Gníomhach
	AP36/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/48A	Gníomhach
	AP37/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/91A	Gníomhach
	AP38/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/30A2, B, C, E	Gníomhach
	AP39/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/030/1 (suíomh D)	Gníomhach
	AP40/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/099A	Gníomhach
	AP42/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/047A, B, C	Gníomhach
	AP43/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/083A	Gníomhach
	AP44/2019	Cuan Loch Garman	2019	T03/085A	Gníomhach
CIARRAÍ (1)	AP1/2019	Bá na Scealg	2019	T06/202	Gníomhach

Achomhairc a Fuarthas in 2024

Cuireadh an t-achomharc seo a leanas (1) faoi bhráid an Bhoird in 2024.

GAILLIMH

Cill Tulach

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP1/2024	T09/084	Frank Burke	Frank Burke

Achomhairc arna gCinneadh in 2024

Rinne an Bord cinneadh ar 27 achomharc san iomlán in 2024 mar seo a leanas:

GAILLIMH

Cill Tulach

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP1/2024	T09/084	Frank Burke	Frank Burke
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
Baineann AP1/2024 – le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ceadúnas do bharshaothraithe a chúlghairm ó Frank Burke le haghaidh saothrú Breac Dea-Dhathach ar thagairt suímh T09/084 i gCill Tulach, Co. na Gaillimhe.			
Chinn an Bord an t-achomharc sin an 06 Meán Fómhair 2024 de bhun Alt 40(4)(c) agus Alt 69(2)(b) den Acht, chun cinneadh an Aire a NEAMHNIÚ agus chun DIÚLTÚ an Ceadúnas Dobharshaothraithe a deonaíodh don Iarratasóir ag Láithreán T09/084 A CHÚLGHAIRM .			

Cuan an Chloiginn

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP1/2023	T09/524A	Peter Sweetman agus thar ceann Chónaidhm Chosanta na hÉireann Fiáine um Shlatiascairí Bradán agus Breac Geal na hÉireann	Conor O Malley
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP1/2023 – le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do Conor O'Malley chun iascáin a shaothrú ar línte fada ar an urthrú fhothaidmhear ar shuíomh 6.58 heicteár, T09-524A ar chósta thuaidh Chuan an Chloiginn, Co. na Gaillimhe.</p> <p>Chinn an bord an t-achomharc sin an 26 Eanáir 2024 de bhun Alt (4) (a) den Acht, chun SEASAMH LE cinneadh an Aire chun Ceadúnas a DHEONÚ le haghaidh saothrú iascán ar an urthrú fhothaidmhear don Iarratasóir ag suíomh T09/524A.</p>			

LOCH GARMAN

Bá Bhaile Thaidhg

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP4/1/2023	T03/038A	An Taisce	Ballyteigue Oysters Teo
AP4/2/2023	T03/038A	Jim Hurley	Ballyteigue Oysters Teo
AP5/2023	T03/095A	An Taisce	Johnny Neville & Jeanette Brugman
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP4/1-2/2023 & AP5/2023 – le hachomhairc i gcoinne chinntí an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ceadúnais do bharshaothraithe a dheonú le haghaidh saothrú oisrí an Aigéin Chiúin agus úsáid á baint as málaí agus tristéil ar shuíomhanna T03/038A agus T03/095A ar an gcladach i gCuan Bhaile Thaidhg, Co. Loch Garman.</p> <p>AP4/1-2/2023 – Chinn an Bord an t-achomharc sin an 26 Meán Fómhair 2024 de bhun Alt 40 (4) (b) den Acht, chun cinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ don Iarratasóir ag Láithreán T03/038A a DHEIMHNIÚ.</p> <p>AP5/2023 – Chinn an Bord an t-achomharc sin an 26 Meán Fómhair 2024 de bhun Alt 40 (4) (b) den Acht, chun cinneadh an Aire a NEAMHNIÚ agus Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHIÚLTÚ don Iarratasóir ag Láithreán T03/095A.</p>			

CORCAIGH

Bá Dhún Mánais

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP1/1/2022	T05/640A	Fishermens Inshore Saltwater Heritage Teo.	Bantry Marine Research Station Teo
AP1/2/2022	T05/640A	Cairde Ché an Dúinín	Bantry Marine Research Station Teo
AP1/3/2022	T05/640A	Paul agus Kate Brooks (Cónaitheoirí Bhaile Fearainn Dooneen)	Bantry Marine Research Station Teo
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP1/1-3/2022 - le hachomhairc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ceadúnas a dheonú do Bantry Marine Research Station Teo. chun plandaí uisceacha éagsúla a shaothrú le spiléir ar an urthrú fothaoide ar shuíomh T05/640A in aice le CéDooneen feadh chladach thuaidh Bá Dhún Mánais, Co. Chorcaí.</p> <p>Chinn an Bord na hachomhairc sin an 26 Meán Fómhair 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ don Iarratasóir ag Láithreán T05/640A a DHEIMHNIÚ.</p>			

DÚN NA nGALL

Bá Bhaile an Easa

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP3/2020	T12/407B	Save Ballyness Bay	Joseph Coll
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP3/2020 le hachomharc i gcoinne an Aire chun ceadúnas a dheonú do Joseph Coll chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall</p> <p>Chinn an Bord an t-achomharc sin an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ don Iarratasóir ag Láithreán T12/407B a DHEIMHNIÚ.</p>			

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP4/1/2020	T12/409A	John Boyle	Edward & Paul O'Brien
AP4/2/2020	T12/409A	Save Ballyness Bay	Edward & Paul O'Brien
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP4/1-2/2020 le hachomhairc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas athraithe a dheonú do Edward agus Paul O'Brien chun Breallaigh a shaothrú ar thráidirí adhmaid faoi mhogalra ar an urthrá ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord an t-achomharc sin an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ agus Athrú leis don Iarratasóir ag Láithreán T12/409A.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP5/2020	T12/409B	Save Ballyness Bay	Edward & Paul O'Brien
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP5/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire athrú ceadúnas a dheonú do Edward agus Paul O'Brien chun Breallaigh a shaothrú ar thráidirí adhmaid faoi mhogalra agus Oisrí an Aigéin Chiúin le málaí agus tristéil ar an urthrá ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (c) den Acht, chun cinneadh an Aire a LEASÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ agus Athrú leis don Iarratasóir ag Láithreán T12/409B1 & T12/409B2.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP6/2020	T12/441A	Save Ballyness Bay	Anthony McCafferty
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP6/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas a dheonú do Anthony McCafferty chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil agus Breallaigh le tráidirí faoi mhogalra ar an urthrá ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ don Iarratasóir ag Láithreán T12/441A.</p>			

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP7/2020	T12/441B	Save Ballyness Bay	Anthony McCafferty
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP7/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas a dheonú do Anthony McCafferty chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ don Iarratasóir ag Láithreán T12/441B.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP8/2020	T12/441C	Save Ballyness Bay	Anthony McCafferty
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP8/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas a dheonú do Anthony McCafferty chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ don Iarratasóir ag Láithreán T12/441C.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP9/2020	T12/455A	Save Ballyness Bay	Seamus O'Donnell
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP9/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas athraithe a dheonú do Seamus O'Donnell chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ agus Athrú leis don Iarratasóir ag Láithreán T12/455A.</p>			

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP10/2020	T12/455B	Save Ballyness Bay	Seamus O'Donnell
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP10/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas athraithe a dheonú do Seamus O'Donnell chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ agus Athrú leis don Iarratasóir ag Láithreán T12/455B.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP11/2020	T12/500A	Save Ballyness Bay	Joseph Coll
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP11/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire chun ceadúnas a dheonú do Joseph Coll chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ don Iarratasóir ag Láithreán T12/500A.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP12/2020	T12/502A	Save Ballyness Bay	Joseph Coll
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP12/2020 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire chun ceadúnas a dheonú do Joseph Coll chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a DHEIMHNIÚ Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHEONÚ Athrú leis don Iarratasóir ag Láithreán T12/502A.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP13/1/2020	T12/510A	Coiste Glan & Glas an Fhál Carraigh	Tullyshellfish Teo.
AP13/2/2020	T12/510A	Falcarragh Tourists & Traders Ass.	Tullyshellfish Teo.
AP13/3/2020	T12/510A	Save Ballyness Bay	Tullyshellfish Teo.
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			

Baineann **AP13/1-3/2020** le hachomhairc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas a dheonú do Tullyshellfish Teo chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú agus úsáid á baint as málaí agus tristéil.

Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024, de bhun Alt 40 (4) (b) den Acht, cinneadh an Aire a **NEAMHNIÚ** agus Ceadúnas Dobharshaothraithe a **DHIÚLTÚ leis seo** don Iarratasóir ag Láithreán T12/510A.

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP14/2020	T12/514A	Save Ballyness Bay	Joseph Coll

Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc

Baineann **AP14/2020** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire chun ceadúnas a dheonú do Joseph Coll chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.

Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024, de bhun Alt 40 (4) (b) den Acht, cinneadh an Aire a **NEAMHNIÚ** agus Ceadúnas Dobharshaothraithe a **DHIÚLTÚ leis seo** don Iarratasóir ag Láithreán T12/514A.

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP15/2020	T12/515A	Save Ballyness Bay	Joseph Coll

Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc

Baineann **AP15/2020** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire chun ceadúnas a dheonú do Joseph Coll chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.

Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a **DHEIMHNIÚ** Ceadúnas Dobharshaothraithe a **DHEONÚ** don Iarratasóir ag Láithreán T12/515A.

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP16/1/2020	T12/516A	Joe Friel	Joseph Coll
AP16/2/2020	T12/516A	Save Ballyness Bay	Joseph Coll

Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc

Baineann **AP16/1-2/2020** le hachomhairc i gcoinne chinneadh an Aire chun ceadúnas a dheonú do Joseph Coll chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú le málaí agus tristéil ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co Dhún na nGall.

Chinn an Bord ar an 11 Aibreán 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire a **DHEIMHNIÚ** Ceadúnas Dobharshaothraithe a **DHEONÚ** don Iarratasóir ag Láithreán T12/516A.

Trá Bhréige

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP3/2023	T12/572A	Foylantic Teo	Foylantic Teo
Ábhar an Achomhairc			
<p>Baineann AP3/2023 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ceadúnas a dhiúltú do Foylantic Teo., le haghaidh saothrú Oisrí an Aigéin Chiúin agus úsáid á baint as málaí & tristéil ar urthrá Thrá Bhréige, Co. Dhún na nGall.</p> <p>Chinn an Bord an t-achomharc sin an 28 Márta 2024 de bhun Alt 40 (4) (a) den Acht, chun cinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a DHIÚLTÚ don Iarratasóir ag Láithreán T12/572A a DHEIMHNIÚ.</p>			

SONRAÍ NA nACHOMHARC A TARRAINGÍODH SIAR IN 2024

Measadh gur tarraingíodh siar na hachomhairc seo a leanas in 2024.

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP35/2019	T03/35A, B, C, F & G	Wexford Mussels Teo.	Wexford Mussels Teo.
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP35/2019 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Wexford Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar láithreáin ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman.</p> <p>Ar an 30 Aibreán 2024, chuir an tAchomharcóir in iúl don Bhord go raibh siad ag tarraingt siar a n-achomhairc i ndáil le Tagairt Suímh T03/35A, B, C, F & G.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP41/2019	T03/46A, B, C	Fjord Fresh Mussels Teo.	Fjord Fresh Mussels Teo.
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP41/2019 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Fjord Fresh Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman</p> <p>Ar an 27 Meitheamh 2024, chuir an tAchomharcóir in iúl don Bhord go raibh siad ag tarraingt siar a n-achomhairc i ndáil le Tagairt Suímh T03/046A, B, C.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP45/2019	T03/049A, B, C, C1 & D	Riverbank Mussels Teo.	Riverbank Mussels Teo.
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP45/2019 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Riverbank Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman.</p> <p>Ar an 27 Meitheamh 2024, chuir an tAchomharcóir in iúl don Bhord go raibh siad ag tarraingt siar a n-achomhairc i ndáil le Tagairt Suímh T03/049A, B, C, C1 & D.</p>			

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP46/2019	T03/077A	Riverbank Mussels Teo.	Riverbank Mussels Teo.
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP46/2019 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Riverbank Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman.</p> <p>Ar an 27 Meitheamh 2024, chuir an tAchomharcóir in iúl don Bhord go raibh siad ag tarraingt siar a n-achomhairc i ndáil le Tagairt Suímh T03/52 A & B.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP47/2019	T03/52A & B	WD Shellfish Teo.	WD Shellfish Teo.
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP47/2019 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do WD Shellfish Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman.</p> <p>Ar an 27 Meitheamh 2024, chuir an tAchomharcóir in iúl don Bhord go raibh siad ag tarraingt siar a n-achomhairc i ndáil le Tagairt Suímh T03/52 A & B.</p>			
Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP48/2019	T03/55E	Crescent Seafoods Teo.	Crescent Seafoods Teo.
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP48/2019 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Crescent Seafoods Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman.</p> <p>Ar an 16 Bealtaine 2024, chuir an tAchomharcóir in iúl don Bhord go raibh siad ag tarraingt siar a n-achomhairc i ndáil le Tagairt Suímh T03/55E.</p>			

SONRAÍ NA nACHOMHARC IDIR LÁMHA AN 31 Nollaig 2024

GAILLIMH

Cuan na Beirtrí Buí

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP2/1/2023	T09/093	Peter Sweetman agus thar ceann Chónaidhm Chosanta na hÉireann Fiáine um Shlathiascairí Bradán agus Breac Geal na hÉireann agus Chuan na Gaillimhe i gcoinne Cliabháin Bradáin	Foras na Mara
AP2/2/2023	T09/093	Eamonn Ross thar ceann Chumann Ionadaíoch Náisiúnta na Slatiascairí	Foras na Mara
Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc			
<p>Baineann AP2/1-2/2023 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire ceadúnas do bharshaothraithe a athnuachan chun éisc ilspeiceas a shaothrú chun éisc eite, sliogéisc agus feamainn a áireamh chun críoch taighde ar shuíomh T09/093 ag Linn Leitheanaigh, Cuan na Beirtrí Buí, Co. na Gaillimhe.</p> <p>Níor tugadh cinneadh i leith na n-achomharc thuas fós faoi dheireadh 2024. Mar a fhoráiltear in Alt 56(3) d'Acht 1997, tá síneadh ama tugtha ag an mBord chun an t-achomharc sin a chinneadh go dtí an 30 Aibreán 2025.</p>			

LOCH GARMAN

CUAN LOCH GARMAN

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP34/2019	T03/30E	Birdwatch Ireland	T.L Mussels Teo
AP36/2019	T03/48A	Noel & Sheila Scallan	Noel & Sheila Scallan
AP37/2019	T03/91A	Noel & Sheila Scallan	Noel & Sheila Scallan
AP38/2019	T03/30A2, B, C, E	T.L Mussels Teo.	T.L Mussels Teo.
AP39/2019	T03/030/1 (suíomh D)	T.L Mussels Teo.	T.L Mussels Teo.
AP40/2019	T03/099A	T.L Mussels Teo.	T.L Mussels Teo.

AP42/2019	T03/047A, B, C	Loch Garman Harbour Mussels Teo.	Loch Garman Harbour Mussels Teo.
AP43/2019	T03/083A	Loch Garman Harbour Mussels Teo.	Loch Garman Harbour Mussels Teo.
AP44/2019	T03/085A	Loch Garman Harbour Mussels Teo.	Loch Garman Harbour Mussels Teo.

Ábhar an Achomhairc / na nAchomharc

Baineann **AP34/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do T.L Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman.

Baineann **AP36/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Noel agus do Sheila Scallan, chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman

Baineann **AP37/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Noel agus do Sheila Scallan, chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman

Baineann **AP38/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do TL Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman

Baineann **AP39/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do TL Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman

Baineann **AP40/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do TL Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman

Baineann **AP42/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Harbour Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman

Baineann **AP43/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Harbour Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman

Baineann **AP44/2019** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú (agus athruithe leis) do Harbour Mussels Teo., chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall ar shuíomh ar an urthrá ag Cuan Loch Garman, Co. Loch Garman.

Níor tugadh cinneadh i leith na n-achomharc thuas fós faoi dheireadh 2024. Mar a fhoráiltear in Alt 56(3) d'Acht 1997, thug an Bord síneadh ama chun an t-achomharc sin a chinneadh go dtí an 31 Márta 2025.

CIARRAÍ

OILEÁN DUÍNIS

Tagairt Achomhairc	Tagairt Suímh	Achomharcóir	Ceadúnaí
AP1/2019	T06/202	Silver King Seafoods Teo. t/a MOVI Éireann	MOWI Ireland
Ábhar an Achomhairc			
<p>Baineann AP1/2019 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi fhorálacha Alt 68(1) agus Alt 19(a)4 den Acht lascaigh (Leasú) 1997, maidir le teidlíocht chun leanúint ar aghaidh le hOibríochtaí Dobharshaothraithe faoi fhorálacha A19(a)4 den Acht um Shaothrú Bradán i gcléibh ag suíomh lastoir de Dhuínis, Bá na Scealg, Co. Chiarraí.</p> <p>Níor tugadh cinneadh i leith an achomhairc thuas fós faoi dheireadh 2024. Mar a fhoráiltear in Alt 56(3) d'Acht 1997, tá síneadh ama tugtha ag an mBord chun an t-achomharc sin a chinneadh go dtí an 30 Bealtaine 2025.</p>			

ACHOMHAIRC NEAMBHAILÍ A FUARTHAS LE LINN 2024

Ní bhfuarthas aon Achomhairc Neamhbhailí le linn 2024.

RANNÁN 3: FORBAIRTÍ EILE

IMEACHTAÍ DLÍ

De réir Alt 73 d'Acht 1997, is féidir le duine nó comhlacht iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Bhoird trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, ar choinníoll go ndéantar é laistigh den tréimhse trí mhí dar tosach an dáta a rinneadh an cinneadh.

I rith 2019, thionscain Lough Swilly Wild Oyster Society Teoranta imeachtaí i gcoinne an Aire agus i gcoinne an Bhoird faoi Thaifead Uimh: 277/2019JR, ag iarraidh faoisimh agus orduithe áirithe i gcoinne an Aire agus an Bhoird araon. Ag deireadh 2024, cuireadh an cás siar go dtí an 4 Feabhra 2025.

Le linn 2019 rinne Silver King Seafoods Teoranta iarratas chuig an Ard-Chúirt ag lorg cead chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach chun cur i gcoinne chinneadh an Aire gur sháraigh sé coinníoll thagairt chláir Cheadúnais Dobharshaothraithe T06/202 agus scor de theidliocht reachtúil an chomhlachta leanúint ar aghaidh le hoibríochtaí dobharshaothraithe do shaothrú bradán i gcléibh ag suíomh lastoir de Dhuínis i mBá na Scealg, Co. Chiarraí, de bhun Alt 19 a (4) d'Acht 1997. Dheonaigh an Chúirt an cead a bhí á lorg ag Silver King Seafoods lena n-áiríodh Ordú ag ceadú bac ar ALAB breithniú agus cinneadh a dhéanamh i leith a n-achomhairc chuig ALAB ar feitheamh chinneadh deiridh na n-imeachtaí. Cuireadh deireadh leis an mbac ina dhiaidh sin, agus tá an t-ábhar ar atráth go ginearálta go dtí go gcinneadh ALAB Achomharc AP1/2019 a bhfuiltear ag fanacht leis ag deireadh 2024.

Thionscain An Taisce imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh chun agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Bhoird diúltú glacadh le hachomharc An Taisce ar an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ceadúnais a dheonú chun diúilicíní a shaothrú ar an ngrinneall i gCuan Loch Garman. Bhí éisteacht dhá lá ar siúl i mí Eanáir 2024, agus diúltaíodh d'Athbhreithniú Breithiúnach, agus tugadh an tOrdú chun Críche an 06 Márta 2024.

I rith 2021, d'iarr Iascach Intíre Éireann, Peter Sweetman agus daoine eile, agus Salmon Watch Ireland CLG cead iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach chun agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Bhoird in Achomhairc AP2/1-14/2015, Shot Head, Co. Chorcaí. Glacadh leis na cásanna sin sa Chúirt Tráchtála, agus reáchtáladh Éisteacht in Aibreán/Bealtaine 2023. Tugadh an Breithiúnas an 12 Iúil 2024, agus cuireadh cinneadh an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (ALAB) ar neamhní, agus cuireadh ar ais chuig ALAB é. Tugadh an tOrdú chun Críche ar an 04 Meitheamh 2025.

Go luath in 2023, chuir Kush Seafarms Teoranta tús le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh chun agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Bhoird diúltú ceadúnais dobharshaothraithe a dheonú do dhá shuíomh ar urthrú Chuan Chill Mocheallóg, Co. Chiarraí. Ag deireadh 2024, cuireadh an cás ar an liosta lena éisteacht ar an 18 Márta 2025.

Sa bhliain 2024, tionscnaíodh dhá athbhreithniú bhreithiúnacha chun ceist a chur ar chinneadh an Bhoird roinnt ceadúnais dobharshaothraithe a dheonú do roinnt suíomhanna ar an urthrú ag Bá Bhaile an Easa, Co. Dhún na nGall. Ó dheireadh 2024 amach, tá páipéir freasúra ALAB dlite faoin 20 Eanáir 2025.

Ag deireadh na bliana 2024, chuir An Taisce tús le hathbhreithniú breithiúnach chun ceist a chur ar chinneadh an Bhoird ceadúnas a dheonú le haghaidh gníomhaíocht do bharshaothraithe i gCuan Bhaile Taidhg, Co. Loch Garman. Cuireadh ALAB ar an eolas faoi na himeachtaí ar an 14 Eanáir 2025, agus cuireadh na himeachtaí siar go dtí Dé Luain, an 27 Eanáir 2025.

PLEANÁIL/FORBAIRTÍ DLÍ COMHSHAOIL

Tá tionchar suntasach ag méid agus castacht na mbeartas, na reachtaíochta agus na dlíthíochta comhshaoil ar phróiseáil achomharc an Bhoird. Tá nósanna imeachta na heagraíochta maidir leis na nithe sin a bhreithniú agus a chinneadh faoi athbhreithniú leanúnach chun gach forbairt reachtúil agus dlí-eolaíochta ábhartha a chur san áireamh.

ACMHAINNÍ

Tá an-mheas ag an mBord ar shaineolas gairmiúil, ionracas, tiomantas agus éiteas seirbhíse poiblí a fhoirne, agus braitheann sé go mór orthu. Is mór aige a ndúthracht agus a dtiomantas do sprioc an Bhoird seirbhís éifeachtach ardchaighdeán a sholáthar do pháirtithe leasmhara. Tá foireann na Rúnaíochta ag feidhmiú ar shamhail oibre cumaisc. Tá nós imeachta bunaithe ag an mBord maidir le cruinnithe a bheith acu go pearsanta agus iad ag leanúint ar aghaidh le leas a bhaint as na héifeachtúlachtaí a bhaineann le cruinnithe ar líne. Ciallaíonn coinneáil Comhairleora Teicniúla inmheánaí go raibh 136 cinneadh déanta ó 2020 go 2024. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach go mbíonn an líon iomlán de Chomhaltaí Boird ann, agus ionadaithe ann ó chineálacha éagsúla eagraíochtaí, nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart na folúntais atá le teacht chun cinn, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a líonadh mar ábhar práinne chun drochthionchar a sheachaint maidir le cinntí a dhéanamh.

SUÍOMH GRÉASÁIN

Coinníonn ALAB suíomh gréasáin gníomhach ag www.alab.ie. Athdhearadh an suíomh gréasáin chun nascleanúint a shimpliú agus chun an fhaisnéis a dhéanamh níos inrochtana. In am trátha, tá sé beartaithe go n-éascófar achomhairc agus táillí gaolmhara a chur isteach ar líne ar an suíomh gréasáin.

RANNÁN 4: RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Rialachas Corparáideach in ALAB deartha chun ceanglais Chód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit (an Cód) a leanúint sa mhéid is cuí, ag cur san áireamh chomh beag is atá an comhlacht. Tá ALAB tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta rialachais ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcloítear leis an gcleachtas is fearr sa réimse seo.

Sa chomhthéacs seo, mar a cheanglaítear leis an gCód, deimhnítear na nithe seo a leanas:

1. Níor chuir aon fhorbairtí suntasacha tráchtála isteach ar ALAB sa tréimhse 1 Eanáir 2024 go 31 Nollaig 2024, agus níl an Bord ar an eolas faoi aon mhórchéistean ar dóigh dóibh teacht chun cinn sa ghearrthearma ná sa mheántearma.
2. Níl aon idirbhearta airgeadais lasmuigh den chlár comhardaithe nach bhfuil nochta i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais ALAB.
3. Tá gach nós imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní á gcur i gcrích.
4. Cuireadh Cóid Iompraíochta don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus cloíodh leo.
5. Tá foireann uile ALAB ar iasacht dó ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus tá polasaí an Rialtais maidir le pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus gach fostaí de chuid an chomhlachta Stáit á chomhlíonadh.
6. Tá treoirlínte an Rialtais maidir le híocaíocht táillí chomhaltaí an Bhoird á gcomhlíonadh.
7. Níor tharla aon imeachtaí suntasacha tar éis an chláir chomhardaithe.
8. Tá ceanglais chuí Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á gcomhlíonadh.
9. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus tá an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe.
10. Tá riachtanais bheartas taistil an Rialtais á gcomhlíonadh ar gach slí.
11. Chomhlíon ALAB a oibleagáidí faoin dlí cánach.
12. Níl aon díospóidí dlíthiúla ann a bhaineann le comhlachtaí Stáit eile seachas na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh mar atá liostaithe faoi na himeachtaí dlí thuas.
13. Glacadh leis an gCód agus tá ALAB ag cloí leis an gCód sa mhéid is cuí i bhfianaise mhéid agus scála an Bhoird; agus
14. níl aon fhochuideachtaí ag ALAB.

CRUINNITHE AN BHOIRD

Bhí dhá chruinniú dhéag (12) ag an mBord le linn 2024. Bhí an freastal ag na cruinnithe mar seo a leanas: -

Ainm Chomhalta an Bhoird	Cruinnithe a Tionóladh	Líon na Cruinnithe Incháilithe chun Freastal orthu	Cruinnithe a bhFreastalaíodh orthu
Imelda Reynolds (Cathaoirleach)	3	3	3
Micheál Ó Cinnéide (Leaschathaoirleach)	12	12	12
Michael Mulloy	12	12	12
John Evans	7	7	6
Bill Sweeney	12	12	11
Maura Canning	12	12	12
Cara Rawdon	11	11	11

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá fochoiste amháin ag an mBord, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC). Is é ról an ARC tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheistanna riosca, smachta agus rialaithe agus agut an t-árachas gaolmhar. I rith na bliana faoi athbhreithniú, tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile cúig (5) huair, agus cuireadh tuarascálacha ar a chuid cruinnithe ar fáil do Bhord ALAB. Ceapadh Micheál Ó Cinnéide mar Chathaoirleach ar an gCoiste ARC an 27 Deireadh Fómhair 2023.

Comhaltaí Boird ARC	Cruinnithe a tionóladh	Líon na Cruinnithe Incháilithe chun Freastal orthu	Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu
Micheál Ó Cinnéide (Cathaoirleach)	5	5	5
John Evans (suas go dtí Meitheamh 2024)	2	2	2
Bill Sweeney	5	5	4
Maura Canning (ó Mheitheamh 2024)	3	3	3

TIOMANTAS DON GHAELGE

Is é príomhaidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos leithne trí Ghaeilge agus ar chaighdeán níos airde. Tá ALAB tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 a tháinig i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022 a chur i bhfeidhm. Ceanglaítear leis an dara ceann go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí ar a laghad 20% dá bhfógraíocht bhliantúil i nGaeilge agus 5% dá bhfógraíocht sna meáin Ghaeilge. Chomhlíon ALAB na ceanglais faoin Acht in 2024. Ina theannta sin, d'fhoilsigh ALAB a Thuarascáil Bhliantúil sa dá theanga oifigiúla, agus tugtar freagra i nGaeilge ar gach comhfhreagras scríofa a fhaightear i nGaeilge freisin. Tá brandáil lógó ALAB comhlíontach freisin, mar atá sé i nGaeilge agus i mBéarla araon. Leanfaidh ALAB le hathbhreithniú a dhéanamh ar a cheanglais faoin Acht lena chinntiú go leanfaidh sé leis na spriocanna sin a bhaint amach.

CÓD EITICE AGUS IOMPAIR GNÓ

De réir an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, is gá cód iompair scríofa a bheith ann do Chomhaltaí Boird. Tá Cód Eitice agus Iompair Gnó i bhfeidhm le haghaidh gach ball den Bhord, agus rinneadh nuashonruithe air sin i ndiaidh athbhreithniú ar an 25 Iúil 2024, agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin ALAB ag www.alab.ie.

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí agus an Achta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001, atá infheidhme do Chomhaltaí Boird agus baill fhoirne áirithe, curtha i bhfeidhm, agus déantar ráitis bhliantúla ar leasanna incláraithe faoi na hAchtanna.

Ceanglaítear ar chomhaltaí Boird agus ar baill foirne áirithe freisin dearbhuithe/nochtadh leasanna a dhéanamh de réir Ailt 31, 33 agus 34 d'Acht 1997.

COMHAIRLIÚCHÁN LE COMHLACHTAÍ EILE

Coinníonn an Bord é féin ar an eolas faoi bheartais comhlachtaí áirithe a bhfuil baint ag a bhfeidhmeanna lena gcuid oibre. Ina measc sin, tá Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile.

DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Forchuirtear le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí, agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le:

1. Deireadh a chur le leatrom.
2. Comhdheiseanna agus cóireáil a chur chun cinn don fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí agus
3. Cearta daonna na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Déanann an Bord a dhícheall a chinntiú go ndéantar gach gníomhaíocht agus béim á leagan ar chearta an duine agus ar chomhionannas ar fud na heagraíochta do Chomhaltaí an Bhoird, d'fhostaithe agus do dhaoine a bhíonn ag plé leis an mBord. Tá an Bord tiomanta do dheireadh a chur le hidirdhealú agus comhionannas a chur chun cinn.

COTHROMAÍOCHT INSCNE I mBALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Ceapann an tAire comhaltaí Boird tar éis ainmniúcháin a lorg ó na heagraíochtaí sonraithe, agus an Cathaoirleach á cheapadh ag an Rialtas. Níl aon ról ag ALAB maidir le ceapacháin an Bhoird ach amháin a chur in iúl don Aire nach bhfuil an sprioc cothromaíochta inscne á comhlíonadh ag ALAB.

I rith 2024, bhí beirt bhan ar an mBord go dtí an 31 Márta 2024, agus bean amháin ina dhiaidh sin, (16.6%) agus bhí 5 ball fireann (83.4%) ann. Mar sin ní shásaíonn an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de cheachtar inscne i mballraíocht na mBord Stáit.

ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMÍOCHT AN BHOIRD

Áirítear le monatóireacht ar rialachas corparáideach éifeachtach, ó thaobh an Bhoird de, athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar struchtúr inmheánach an chomhlachta Stáit chun a chinntiú go bhfuil línte soiléire cuntasachta ann ar fud na heagraíochta.

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT & CUIMSIÚ

Aithníonn an Bord luach na ndifríochtaí ina chomhaltaí (e.g., pearsantacht, stíleanna foghlama, agus eispéiris saoil) agus difríochtaí grúpa/sóisialta (e.g., eitneachas, aicme shóisialta, inscne, claonadh gnéasach, míchumas, ballraíocht den Lucht Siúil, stádas teaghligh, cleamhnachtaí cultúrtha, polaitiúla, reiligiúnacha nó eile) chun feabhas a chur ar cháilíocht na hoibre agus ar chinnteoireacht an Bhoird.

COSAINN SONRAÍ AGUS RGCS

Tá ALAB faoi réir an Achta um Chosaint Sonraí 2018 agus na Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Tá beartais agus nósanna imeachta um Chosaint Sonraí i bhfeidhm chun an duine nádúrtha a chosaint maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Tá faisnéis curtha ar fáil ag ALAB ar a shuíomh gréasáin (ráiteas príobháideachais) maidir le conas is féidir le duine is ábhar do shonraí rochtain a fháil ar a gcuid faisnéise pearsanta. Ní bhfuair ALAB aon Iarratais Duine ar a S(h)onraí in 2024.

Tá cáipéisí treorach i bhfeidhm ag ALAB do dhaoine atá ag iarraidh nochtadh cosanta a dhéanamh le ALAB. Tá athbhreithniú iomlán le déanamh ar na cáipéisí um Chosaint Sonraí agus RGCS in 2025. Ní bhfuair ALAB aon Nochtaí Cosanta in 2024.

ÍOCAÍOCHTAÍ PRASA

Tagann ALAB faoi raon feidhme an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá sé mar bheartas ag ALAB forálacha ábhartha an Achta a chomhlíonadh agus, go háirithe, a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuirtear Tuairisceáin Íoc Pras suas ar an suíomh gréasáin ag www.alab.ie ar bhonn ráithiúil.

SOLÁTHAR

Feidhmíonn ALAB a chórais soláthair agus airgeadais i gcomhréir dhlúth le rialacháin Náisiúnta agus AE, ag cinntiú go bhfuil gach gníomhaíocht trédhearcach, iomaíoch, cothrom agus go mbaintear an luach is fearr ar airgead amach. Tá gach gníomhaíocht airgeadais agus soláthair rialaithe ag Treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí na Roinne Airgeadais, agus úsáideann ALAB creatlacha na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) chun torthaí cost-éifeachtúla a sheachadadh. Tá ALAB tiomanta fós d'acmhainní an rialtais láir sin a úsáid.

TIONSCNAMH AN RIALTAIS GHLAIS

Tar éis don Rialtas Tionscnamh an Rialtais Ghlais a thabhairt isteach chun cabhrú le Ranna agus comhlachtaí poiblí a bheith chun tosaigh maidir le húsáid plaistigh aonúsáide a laghdú agus chun athchúrsáil a fheabhsú agus a mhéadú, tháirg ALAB 'Ár mBeartas Inbhuanaitheachta Comhshaoil'.

Tá sé mar aidhm ag an mbeartas sin tionchar oibríochtaí ALAB ar an gcomhshaol a laghdú, trína thionscnamh 'Clár Glas'. Níl plaistigh aonúsáide in úsáid agus tá earraí gloine in úsáid ar fud na hoifige. Bhí glactha ag an mBord roimhe seo le húsáid córas bainistíochta sonraí gan pháipéar a laghdaíonn costais go héifeachtach le méideanna móra páipéir, dúigh agus leictreachais.

COMHLÍONADH NA gCIORCLÁN ÁBHARTHA

Maidir le Ciorclán 01/2020 arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i mí Eanáir 2020, baineann sé leis na nósanna imeachta chun cúiteamh a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil.

I gcomhréir le forálacha an chiorcláin sin, tá sé de cheangal ar gach Roinn, Oifig agus gníomhaireacht Rialtais, le héifeacht ón 1 Eanáir 2020, na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le húsáid oifigiúil aerthaistil a thaifeadadh, faireachán a dhéanamh orthu agus luach a chur orthu agus, tráth nach déanaí ná an 28 Feabhra gach bliain, íocaíocht a dhéanamh le Bainisteoir cistí an Chiste reachtúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaineann leis na hastaíochtaí sin don bhliain roimhe sin.

Ní dhearna ALAB aon aerthaisteal oifigiúil in 2024 ná in aon cheann de na ceithre bliana roimhe sin ó 2020 go 2023.

SAORÁIL FAISNÉISE (SF) AGUS ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN gCOMHSHAOL (RFC)

Tá foráil san Acht um Shaoráil Faisnéise agus sna Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol do rochtain ar fhaisnéis áirithe faoi oibríochtaí ALAB. Tá Logaí Nochta ar fáil ar [shuíomh gréasáin ALAB](#).

Fuarthas dhá (2) iarratas SF in 2024, agus sonraí tugtha sa tábla thíos:

Uimhir Thag. SF.	Achoimre ar na Gníomhartha
FOI 1/2024	Arna fháil an 30 Bealtaine 2024. Diúltaíodh é, agus eisíodh fógra an 18 Meitheamh 2024.
FOI 2/2024	Arna fháil an 06 Lúnasa 2024. Deonaíodh i bpáirt é, agus eisíodh fógra an 02 Meán Fómhair 2024

Fuarthas iarratas RFC amháin (1) in 2024, agus tá sonraí tugtha sa tábla thíos:-

Uimh. Thagartha RFC.	Achoimre ar na Gníomhartha
AIE 1/2024	Arna fháil an 20 Eanáir 2024. Deonaíodh i bpáirt é, agus eisíodh fógra an 20 Feabhra 2024

CAIDREAMH LE COMHALTAÍ AN OIREACHTAIS

De réir Chiorclán 25/2016 ó DPER, tá socruithe i bhfeidhm ag ALAB chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí an Oireachtais ar iarratas. In 2024, fuarthas trí cheist déag (13) ó chomhaltaí an Oireachtais. Eisíodh freagra substainteach ar gach ceist laistigh den aga freagartha deich (10) lá oibre.

TIONSCADAL AN BHÉARLA SHIMPLÍ

Mar eagraíocht a bhíonn i dteagmháil go rialta leis an bpobal, aithníonn ALAB an tábhacht a bhaineann le faisnéis a chur i láthair go soiléir agus go beacht.

Leanann an Rúnaí agus foireann ALAB ag cur lena gcuid eolais agus taithe ar Bhéarla Simplí. Leanann ALAB ag déanamh athbhreithnithe ar fhaisnéis ghinearálta agus ar threoir chun cloí le caighdeáin Béarla Soiléir, nuair is féidir.

IMEACHTAÍ TAR ÉIS AN DÁTA TUAIRISCITHE

Cheadaigh maolú srianta COVID-19 don Rúnaíocht filleadh ar an Oifig agus an oifig a oscailt don phobal le linn gnáthuaireanta oibre. Feidhmíonn an Rúnaíocht Oibre Cumaiscthe de réir shainordú an Rialtais d'fhostóirí san earnáil phoiblí.

Aguisín I

Liosta de na daoine a d'fhostaigh an Bord le linn 2024 de bhun Alt 35 d'Acht 1997.

Comhairle Theicniúil

Aster Environmental Consultants Teo

Altemar Marine & Environmental

KRC Ecological Teo

Dlí

Philip Lee LLP, Solicitors, Teach Chonnacht, Bóthar Burlington a hAon, Baile Átha Cliath 4, D04 C5Y6

Tim O Sullivan, Abhcóide

Kristian Douglas, Abhcóide

Fintan Valentine, Abhcóide Sinsearach

Cuntasóirí

ND Audit & Advisory, Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe, 42 Sráid Grattan, Port Laoise, Co. Laoise, R32 HR62

Iniúchóir Inmheánach

Pinnacle Advisory and Consulting Services Teoranta, Aonad 3013, Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24.

Seirbhísí Aistriúcháin

STAR Translation Services, Páirc Nuálaíochta na nDugáí, 128-130 Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 RD34, Éire

Aguisín II - Sreabhchairt ALAB – Achomhairc a Stiúradh faoin Acht lascaigh (Leasú) 1997

Céimeanna Achomhairc:	
	An tAchomharc a chur isteach
	Tuairimí
	Bailiú Faisnéise
	Cinneadh ar Feitheamh
	Cinneadh Déanta
	Athbhreithniú Breithiúnach

Achomharc faighte ag ALAB curtha isteach ag achomharcóir a chuireann i gcoinne cheadú ceadúnais nó coinníoll ceadúnais a dheonú. D'fhéadfadh go mbeadh an t-achomharcóir ina chomhairleoir reachtúil, ina pháirtí a rinne agóid tríd an gcomhairliúchán poiblí nó ina pháirtí leasmhar a bhfuil a chéad ionchur sa phróiseas ag an gcéim seo.

Foilsiú chinneadh an Aire. Achomharc laistigh **1 mí**

Achomharc faighte ag ALAB curtha isteach ag iarratasóir a rinne achomharc i gcoinne an diúltaithe nó coinníoll ar

Seolann an tAire a chomhad chuig ALAB de réir A.43(2) laistigh de **14 lá** ón bhfógra achomhairc a fháil.

Achomharc fóraithe ag ALAB le haghaidh comhlíonadh le A.40(1) & A. 55 den Acht

Cóip den achomharc a sheol ALAB chuig an Aire A.43(1)

A.45(1) Féadfaidh duine nach páirtí san achomharc aighneachtaí/tuairimí a dhéanamh laistigh de 30 lá dar tús an lá deiridh a fuair an Bord fógra faoin achomharc

A.45(3) Aighneachtaí nó tuairimí a thug Ballstát an AE tráth ar bith a eascraíonn as comhairliúchán i gcomhréir le Treoir AE 85/337 CEE maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol

Seolann ALAB fógra achomhairc chuig gach páirtí eile san achomharc, A.44(1)

Féadfaidh an tAire agus gach páirtí eile seachas an t-achomharcóir aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn a dhéanamh chuig an mBord maidir leis an achomharc laistigh de thréimhse **30 lá** dar tosach an lá a sheolann ALAB cóip den fhógra achomhairc chuig an bpáirtí sin, A.44(2)

Féadfaidh ALAB dá thairiscint féin nó ar iarratas ó pháirtí dá lánrogha féin éisteacht ó bhéal a thionól, A. 49(1)

Nuair a bheidh an t-am caite le haghaidh A. 46 nó A.47, féadfaidh ALAB cinneadh a dhéanamh ar an achomharc, Alt 48.

I gcás go bhfuil dearcadh ALAB riachtanach tuilleadh doiciméad/sonraí/faisnéise chun go bhféadfaidh sé achomharc a chinneadh, seirbheálfadh sé fógra ar an bpáirtí nó ar an duine, laistigh de thréimhse a shonraítear san fhógra (nach lú ná **30 lá** dar tosach an dáta seirbheála den fhógra, A.47

I gcás go bhfuil an Bord den tuairim gur cuí, ar mhaithe leis an gceart, a iarraidh ar pháirtí nó ar dhuine eile a rinne aighneachtaí nó tuairimí chuig an mBord i ndáil leis an achomharc aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt i ndáil le haon ábhar atá tagtha chun cinn maidir leis an achomharc, féadfaidh sé, dá rogha féin, iarraidh ar an bpáirtí nó ar an duine, laistigh de thréimhse a shonrófar san fhógra nach lú ná **30 lá** dar tosach dáta seirbheála an fhógra, aighneachtaí nó tuairimí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis an ní, A. 46

Má bhíonn ALAB ag breithniú ábhair seachas na cinn a d'ardaigh na páirtithe san achomharc, caithfidh sé fógra a thabhairt do na páirtithe go léir agus idir 14 agus 28 lá a thabhairt dóibh chun aighneachtaí a dhéanamh / tuairimí a thabhairt, A. 50

Déanfaidh an Comhairleoir Teicniúil measúnú ar an riachtanas do thuarascálacha comhshaoil (EIA/AA) agus ullmóidh sé tuarascáil theicniúil ar an achomharc lena breithniú ag an mBord.

Ceanglaítear le halt 56(2)(a) go gcinneadh an Bord Achomharc laistigh de thréimhse ceithre mhí dar tosach an dáta a fhaigheann an Bord an Fógra Achomhairc. Mura féidir leis an mBord an t-achomharc a chinneadh laistigh den tréimhse is gá, is féidir í a fhadú trí fhógra i scríbhinn a sheirbheálfar ar na páirtithe san achomharc agus ar gach duine a chuir aighneachtaí nó tuairimí faoi bhráid an Bhoird, A. 56(3)

Déantar cinneadh ar achomharc de réir A.61. Cinneadh faoi 40(4)(a), (b) nó (c)

Féadfaidh duine bailíocht an chinnidh sin a cheistiú trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúrteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) de réir alt 73 den Acht lascaigh (Leasú) 1997 (Uimh. 23).

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Clár na nÁbhar	Leathanach
Baill an Bhoird agus Eolas Ginearálta	1
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	2-5
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	6-7
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	8-9
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	10
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	11
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	12
Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	13-15

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Baill an Bhoird agus Eolas Ginearálta

Comhaltaí an Bhoird:	Bean Uasal Imelda Reynolds - Cathaoirleach An tUasal Micheál Ó'Cinnéide - Leaschathaoirleach An tUasal Michael Mulloy An tUasal Bill Sweeney Bean Uasal Maura Canning An tUasal Cara Rawdon An tUasal John Evans Bean Uasal Terry Prendergast
Rúnaí:	Bean Uasal Margaret Carton
Seoladh Gnó:	Cúirt Choill Mhinsí Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co. Laoise R32 DTW5
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01 PF72
Baincéirí:	Bainc-Aontas Éireann 100 Sráid Grafton Baile Átha Cliath 2 D02 N671
Aturnaetha:	Philip Lee Solicitors Teach Chonnacht Bóthar Burlington a hAon Baile Átha Cliath 4 D04 C5Y6
Cuntasóirí:	ND Audit & Advisory Teach Annefield Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Co. Laoise R32 Y6YF
Iniúcháir Inmheánach:	Pinnacle Advisory and Consulting Services Limited Aonad 3013 Céide an Locha Campas Gnó Iarthar na Cathrach Baile Átha Cliath 24

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar 17 Meitheamh 1998 faoi Mhír 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Is í feidhm an Bhoird ná údarás neamhspleách a sholáthar chun achomharc a chinneadh i gcoinne chinntí an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara ar iarratais ar cheadúnais do bharshaothraithe.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach in Ailt 40 go 60 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. I measc na míreanna seasta a bhreithnigh an Bord tá:

- Dearbhú leasa
- Tuarascálacha ó choistí
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta, agus
- Achomhairc ar siúl

Ceanglaítear le Mír 37(1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, a choinneáil, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas is cuí agus is gnách ar airgead a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- A lua cibé acu ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais le hAilt 37(1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaíochas neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe amhail an 31 Nollaig 2024.

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ar lean

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear comhaltaí den Bhord. Ceapann an Rialtas an Cathaoirleach, agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara comhaltaí an Bhoird. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhsí éagsúla, agus buaileann siad le chéile ar bhonn rialta. Sonraítear sa tábla thíos na tréimhsí ceapacháin do chomhaltaí amhail an 31 Nollaig 2024 agus do chomhaltaí reatha:

<u>Comhalta Boird</u>	<u>Ról</u>	<u>Dáta Ceaptha</u>
Bean Uasal Imelda Reynolds	Cathaoirleach	Arna cheapadh an 1 Aibreán 2014 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 31 Márta 2019. Athcheaptha 1 Aibreán 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 31 Márta 2024. Tháinig deireadh leis an téarma ar an 31 Márta 2024.
An tUasal Micheál Ó'Cinnéide	Leaschathaoirleach (Cathaoirleach gníomhach ón 1 Aibreán 2024)	Arna cheapadh an 17 Iúil 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 16 Iúil 2024. Athcheaptha ar an 17 Iúil 2024 ar feadh tréimhse shínte go dtí an 28 Feabhra 2025.
An tUasal Bill Sweeney	Gnáthchomhalta	Arna cheapadh an 17 Iúil 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 16 Iúil 2024. Athcheaptha ar feadh tréimhse trí bliana eile ón 17 Iúil 2024 go dtí an 16 Iúil 2027.
An tUasal Michael Mulloy	Gnáthchomhalta	Arna cheapadh an 6 Meitheamh 2018 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 5 Meitheamh 2023. Athcheaptha ar feadh tréimhse cúig bliana eile ón 20 Meitheamh 2023 go dtí an 19 Meitheamh 2028
Bean Uasal Maura Canning	Gnáthchomhalta	Arna cheapadh an 17 Samhain 2023 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 16 Samhain 2028.
An tUasal John Evans	Gnáthchomhalta	Arna cheapadh an 17 Iúil 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 16 Iúil 2024. Tháinig deireadh leis an téarma ar an 16 Iúil 2024.
An tUasal Cara Rawdon	Gnáthchomhalta	Arna cheapadh an 26 Eanáir 2024 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 25 Eanáir 2029.
Bean Uasal Terry Prendergast	Gnáthchomhalta	Arna cheapadh an 19 Nollaig 2024 ar feadh téarma trí bliana go dtí an 18 Nollaig 2027.

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ar lean

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord mar a leanas:

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tá triúr comhaltaí Boidr air seo. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC don Bhoird tar éis gach cruinniú.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná: An tUasal John Evans (Téarma críochnaithe 16/07/2024), An tUasal Micheál Ó Cinnéide, An tUasal Bill Sweeney agus Bean Uasal Maura Canning. Bhí 5 chruinniú den ARC ann in 2024.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Bhoird agus an Choiste don bhliain 2024 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fhaigheann gach comhalta:

Comhalta Boidr	Cruinnithe				Táillí 2024	Speansais 2024
	Cruinnithe		ARC			
	Incháilithe chun Freastail	Cruinnithe a bhFreastalaí	Incháilithe chun Freastail	Cruinnithe ARC a bhFreastalaí		
Imelda Reynolds (Téarma críochnaithe 31/03/2024)	3	3			2,993	-
Michael Mulloy	12	12			7,695	2,042
John Evans (Téarma críochnaithe 16/07/2024)	7	6	3	3	1,332	967
Micheál Ó Cinnéide	12	12	5	5	10,901	4,517
Bill Sweeney	12	11	5	4	7,695	1,159
Maura Canning	12	12	3	3	8,411	3,829
Cara Rawdon (Tosaithe 26/01/2024)	11	11			7,145	4,919
Terry Prendergast (Tosaithe 19/12/2024)	0	0			160	-
Iomlán					46,332	17,433

Comhairleacht

Áirítear le costais chomhairliúcháin costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht, agus ní áirítear leo feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a ndéantar seachfhoinsíú orthu.

	2024	2023
	€	€
Comhairle dlí	73,476	53,676
Costais Sainchomhairleora Teicniúil	22,973	27,478
Eile	44,353	20,772
Costais Chomhairliúcháin Iomlána	140,802	101,926

Costais dlí agus Socruithe

Tá sa tábla thíos miondealú ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí, imeachtaí socraíochta a bhain le 6 chás athbhreithnithe bhreithiúnaigh in 2024 (3 in 2023). Níl aon socraíochtaí ann a bhaineann leis na cásanna sin. Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fuair an ALAB atá nochta sna costais Chomhairliúcháin thuas.

	2024	2023
	€	€
Táillí dlí - imeachtaí dlí	199,856	579,492
Socraíochtaí	-	-
Iomlán	199,856	579,492

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ar lean

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

	2024	2023
	€	€
Intíre		
- Bord	17,433	3,095
- Fostaithe	8,521	6,776
	<u>25,954</u>	<u>9,871</u>

Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) ("an Cód") glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mbord chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chloígh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe go hiomlán leis na forálacha sin den Chód a bhfuil feidhm acu seachas na nithe seo a leanas:


- Ní bhaineann forálacha an Chóid maidir le ceapachán, líon, grádú agus coinníollacha na foirne go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas le ALAB mar go bhfuil a fhoireann ar fad ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ("RTBM").
- Mar gheall ar mhéid agus scála an ALAB agus go bhfuil sé comhdhéanta d'aon toisc chun achomhairc a chinneadh de bhun an Achta, tá an Bord den tuairim nach bhfuil plean straitéiseach foirmiúil ag teastáil. Tá Comhaontú Seachadta Maoirseachta agus Feidhmíochta 2021 - 2024 aontaithe ag ALAB, agus tá sé sin á fhorghníomhú ag an dá pháirtí faoi láthair. Tá nithe a d'fhéadfadh a bheith cuimsithe de ghnáth i bplean straitéiseach ionchorpraithe sa chomhaontú sin.
- Níl Príomhoifigeach Riosca ag ALAB. Mar gheall ar mhéid agus scála oibríocht ALAB, tá an Bord den tuairim gur féidir riosca a bhainistiú idir an Rúnaí, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bord féin.
- Tá conradh ag ALAB le hiniúcháir inmheánach chun feidhm an Phríomhoifigigh Bainistíochta Riosca a chomhlíonadh. Fostaíonn an Bord saineolas seachtrach go tréimhsiúil nuair is cuí agus go háirithe chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha.
- Níl Plean Nósanna Imeachta Corparáideacha foirmiúil ag ALAB. Mar gheall ar mhéid agus scála an ALAB tá an Bord den tuairim nach bhfuil plean dá leithéid ag teastáil.
- Níl Cairt Custaiméirí ag ALAB. Mar gheall ar leagan amach ALAB, tá an Bord den tuairim nach bhfuil Cairt dá leithéid oiriúnach.

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Shane McCarthy
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 22/12/2025



An tUasal Bill Sweeney
Cathaoirleach an ARC

Dáta: 22/12/2025

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, admháimid ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú san eagraíocht. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, mar sin, ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann faoi réim treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe, i bhfeidhm ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird. Tháinig an ARC le chéile 5 huairé in 2024.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhacht. Déanann ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as feidmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach agus an Bord faoi athbhreithniú,
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar lean

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an Bord athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Is féidir linn a dhearbú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte reatha soláthair a chinntiú agus go gcomhlíonann an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe na nósanna imeachta sin go hiomlán do 2024.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht


Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ó fhoinsí seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais. Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh an 20 Márta 2025.

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Shane McCarthy
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 22/12/25



An tUasal Bill Sweeney
Cathaoirleach an ARC

Dáta: 22/12/25

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur i láthair do Thithe an Oireachtais

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe iniúchta agam don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 37 den Acht lascaigh (Leasú) 1997. Sna ráitis airgeadais, tá

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí ábhartha, achoimre ar bheartais chuntasafóchta thábhachtacha san áireamh.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanas agus ar staid airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe amháil an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2024 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA), 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bunús le mo thuairim.

Tuarascáil ar ábhair seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí as tuairisc a thabhairt maidir le heolas den sórt sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

John Crean
Le haghaidh agus ar son an Ard-Reachtaire
Cuntas agus Ciste
23 Nollaig 2025

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 37 den Acht lascaigh (Leasú) 1997
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantach sa chuntasairíocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, cibé acu mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 37 den Acht lascaigh (leasú) 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomlán saor ó mhiráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaóis nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhiráitis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais cibé acu de thoradh calaóis nó earráide a aithint agus a mheas; dearaim agus comhlónaim nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bunús le mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le míthuairisc ábhartha a thagann ó chalaos agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuairisc a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaóis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta a dhearadh atá cuí sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasairíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasairíochta agus na nochtuithe bainteacha.

- Cinnim maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantach den chuntasairíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha i gceist a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtá bainteacha sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtá sin, mo thuairim a athrú. Bíonn mo chuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí nó go mbeadh dálaí i gceist sa todhchaí, áfach, a stopfadh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach mar thoradh orthu.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh léiriú cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach rialachais maidir le, i measc nithe eile, an scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a d'fhéadfaí a aithint le linn m'iniúchta.

Tuairiscím mar eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an t-eolas go léir nó na mínithe riachtanacha faighte agam do m'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasairíochta dóthanach chun na ráitis a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasairíochta.

Eolas seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon conclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, breithniú a dhéanamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile, éilítear orm an fhírín sin a thuairiscíú.

Tuairiscíú ar ábhair eile

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích i gcomhréir leis na comaoineacha speisialta atá ceangailte le comhlachtaí an stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmí. Tuairiscím má tá ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise faoi rialtacht idirbheart airgeadais a fháil le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chlógáil na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	659,298	1,188,771
Ioncam Achomhairc	2	455	1,430
		<hr/>	<hr/>
		659,753	1,190,201
Caiteachas			
Costais Foirne	3	344,298	409,901
Táillí Boird	4	46,332	32,922
Táillí Riaracháin	5	34,869	18,889
Táillí Dílíúla agus Gairmiúla	5	340,658	681,418
Taisteal agus Cothú	5	25,954	9,871
		<hr/>	<hr/>
		792,111	1,153,001
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(132,358)	37,200
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir		137,935	100,735
		<hr/>	<hr/>
Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig		5,577	137,935

Áiríonn an Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na cailteanais go léir a aithníodh sa bhliain


Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na ráitis airgeadais seo

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Shane McCarthy
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 22/12/25



An tUasal Bill Sweeney
Cathaoirleach an ARC

Dáta: 22/12/25

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2024

	Nótaí	2024 €	2023 €
Sócmhainní Reatha			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	7	40,031	22,188
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	8	89,419	232,978
		<u>129,450</u>	<u>255,166</u>
Dliteanais reatha: (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Iníochta	9	<u>(123,873)</u>	<u>(117,231)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>5,577</u>	<u>137,935</u>
Glansócmhainní Iomlána		<u><u>5,577</u></u>	<u><u>137,935</u></u>
Ag léiriú			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		5,577	137,935
		<u><u>5,577</u></u>	<u><u>137,935</u></u>

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 10 mar chuid de na ráitis airgeadais seo

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Shane McCarthy
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 22/12/25



An tUasal Bill Sweeney
Cathaoirleach an ARC

Dáta: 22/12/25

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Réiteach (Easnamh)/Barrachas don Bhliain le Glan-Airgid (Eis-sreabhadh)/Insreabhadh

	Nótaí	2024 €	2023 €
Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin (Easnamh)/Barrachas don bhliain		(132,358)	37,200
(Méadú) / Laghdú ar Infháltais		(17,843)	836
(Laghdú)/Méadú ar Iníochtaigh		6,642	59,780
Glan-(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(143,559)	97,816
Glan (Laghdú)/Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		(143,559)	97,816
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid ar 1 Eanáir		232,978	135,162
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	8	89,419	232,978

Thar ceann an Bhoird



An tUasal Shane McCarthy
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 22/12/25



An tUasal Bill Sweeney
Cathaoirleach an ARC

Dáta: 22/12/25

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

BEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

1.a) EOLAS GINEARÁLTA

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 le ceannoifig ag Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Is é príomhchuspóir an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe déileáil le hachomhairc i gcoinne cinntí an Aire maidir le ceadúnais dobharshaothraithe.

b) Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ullmhaithe de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoin Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.

d) Ioncam Reatha

Aithnítear ioncam achomhairc agus ioncam eile ar bhonn fabhraithe. Aithnítear Deontais Oireachtais ar bhonn fáltas airgid.

e) Sochair Fostaithe

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníochtach sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Fostaithe agus Aoisliúntas

Tá 7 ball foirne ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe atá ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, is é sin le rá an rúnaí agus triúr cúntóirí, beirt chomhairleoirí teicniúla agus Príomhoide Cúnta. Is baill iad de scéim aoisliúntais na státseirbhíse. Dá réir sin, níl aon dlíteanas ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe maidir le haoisliúntas.

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain 2024 a Seoladh an 31 Nollaig

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

2 Ioncam	2024	2023
	€	€
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Oibríochtaí) - Vóta 30 - Fo-cheannnteideal C11 & D3.	315,000	778,870
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Íasachtaí)	344,298	409,901
Táillí Acomhairc	455	1,430
	<u>659,753</u>	<u>1,190,201</u>

3 Costais foirne	2024	2023
	€	€
Tuarastail an Rúnaí agus Ball Foirne Eile	344,298	409,901
	<u>344,298</u>	<u>409,901</u>

Tá an Rúnaí agus cúigear ball foirne eile den Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar íasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus ní raibh aon luach saothair ná luach saothair breise á fháil acu maidir lena ról don Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach luach saothair agus íocaíocht, agus d'asbhain sí gach speansas ábhartha, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí pinsin breise, óna dtuarastail.

4 Táillí Boird

Fuair comhaltaí an Bhoird an luach saothair agus taisteal agus cothabháil seo a leanas don bhliain dar críoch:

	Luach Saothair		Taisteal Intíre & Cothú	
	2024	2023	2024	2023
	€	€	€	€
Bean Uasal Imelda Reynolds (Téarma críochnaithe 31 Márta 2024)	2,993	8,978	-	701
An tUasal Micheál Ó'Cinnéide (Cathaoirleach)	10,901	5,986	4,517	365
An tUasal John Evans (Téarma críochnaithe 16 Iúil 2024)	1,332	5,986	967	446
An tUasal Michael Mulloy	7,695	5,986	2,042	754
An tUasal Bill Sweeney	7,695	5,986	1,159	504
An tUasal Cara Rawdon	7,145	-	4,919	-
Bean Uasal Maura Canning	8,411	-	3,829	-
An tUasal John Ward (Téarma críochnaithe 13 Nollaig 2022)	-	-	-	325
Bean Uasal Terry Prendergast	160	-	-	-
	<u>46,332</u>	<u>32,922</u>	<u>17,433</u>	<u>3,095</u>

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

5 Caiteachas	2024	2023
	€	€
Taisteal agus Cothabháil - Comhaltaí Boird agus Foireann	25,954	9,871
Fáilteachais & Seomra Cruinnithe ar cíós	10,035	7,767
Oiliúint	6,347	5,142
Árachas	1,569	1,568
Táillí Dlíthiúla	273,332	633,168
Táillí Gairmiúla Eile	45,901	31,867
Cuntasaíocht agus Costais Phárolla	15,725	11,183
Táillí Iniúchta	5,700	5,200
Fógraíocht	7,307	-
Costais Ghinearálta	8,507	3,226
Muirir Bhainc	1,104	1,186
	<u>401,481</u>	<u>710,178</u>

Baineann an laghdú ar tháillí dlí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin le costais a tabhaíodh i gcomhairle dlí agus táillí le haghaidh Athbhreithniú Breithiúnach ar chinneadh an Bhoird i ndáil le ceadúnas do bharshaothraithe in 2023.

6 Maoin, Gléasra agus Trealamh

Níl aon Sócmhainní Seasta ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Is leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na Sócmhainní Seasta go léir. Ní raibh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe faoi dhliteanas aon chíos, rátaí ná táillí seirbhíse gaolmhara in 2024.

7 Infháltais agus réamhíocaíochtaí	2024	2023
	€	€
Infháltais Eile	33,071	19,720
Réamhíocaíochtaí	6,960	2,468
	<u>40,031</u>	<u>22,188</u>

8 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	2024	2023
	€	€
Cuntas Reatha	89,419	232,978
	<u>89,419</u>	<u>232,978</u>

9 Iníocthaigh	2024	2023
	€	€
Iníoctha/Fabhruithe	112,677	34,588
ÍMAT/ÁSPC Iníoctha	6,033	1,821
PSWT Iníoctha	5,163	80,822
	<u>123,873</u>	<u>117,231</u>

10 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an **17 Nollaig 2025**.

